Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12859/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0266(NLE)

TRANS 383
RELEX 1163

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar[1] ('an Comhaontú') an 29 Meitheamh 2022, agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón dáta sin, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle[2]. Tháinig sé i bhfeidhm an 5 Nollaig 2022.

(2) Le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhaontaithe i bhfianaise a chuid cuspóirí. De bhun Airteagal 7(2) den Chomhaontú, táthar leis an gComhchoiste a thionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá le leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin.

(3) Le Cinneadh Uimh. 2/2023 ón gComhchoiste[3], cuireadh síneadh leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024.

---

[1] IO L 179, 6.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.
[2] Cinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 179, 6.7.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1158/oj).
[3] IO L 123, 8.5.2023, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/929/oj.

(4) An 20 Meitheamh 2024, shínigh an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú[4] ('an Comhaontú Leasaitheach'), agus tá sé á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón dáta sin, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/1876 ón gComhairle[5]. Leis an gComhaontú Leasaitheach, cuireadh síneadh leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus an fhéidearthacht ann athnuachan intuigthe a dhéanamh air go ceann tréimhse amháin 6 mhí. Rinneadh an Comhaontú a athnuachan go hintuigthe go dtí an 31 Nollaig 2025.

(5) Chun go leanfar leis an tairbhe a bhaineann an tAontas agus an Úcráin araon as éifeachtaí dearfacha an Chomhaontaithe, trí iompar lasta de bhóthar a éascú idir an tAontas agus an Úcráin agus tríd an Aontas agus an Úcráin agus trí tacú le feidhmiú éifeachtach na Lánaí Dlúthpháirtíochta i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ba cheart leanúint leis an gComhaontú a go dtí an 31 Márta 2027.

(6) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh maidir leis an ngá atá le leanúint leis an gComhaontú. Beidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú.

---

4 IO L 2024, 1878, 2.7, 2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1878/oj.

5 Cinneadh (AE) 2024/1876 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar an 29 Meitheamh 2022 (IO L 2024/1876, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1876/oj).

(8) Mar gheall ar ábhair imní agus éiginnteachtaí a chuir roinnt Ballstát in iúl maidir le tionchar diúltach an Chomhaontaithe, seolfaidh an Coimisiún staidéar ar thionchar an Chomhaontaithe ar thionscal an iompair de bhóthar ina bhféachfar freisin ar ábhair imní maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

(9) Ba cheart aon leanúint bhreise den Chomhaontú a bheith faoi réir dul chun cinn sásúil arna dhéanamh maidir le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le *acquis* an Aontais i réimse an iompair lasta de bhóthar nár trasuíodh go fóill agus ba cheart torthaí an staidéir ar thionchar an Chomhaontaithe ar thionscal an iompair de bhóthar a chur san áireamh ann.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar ('an Comhaontú'), a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú sa Chomhchoiste gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*